

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/1343 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar aicéacuínice, clórantrainileapróil agus eimimeictine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás na haicéacuínice, an chlórantrainileapróil agus na heimimeictine, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) I gcás na haicéacuínice, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ⁽²⁾, chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana. Le haghaidh táirgí áirithe, mhol an tÚdarás na MRLanna atá ann cheana a ardú nó a choinneáil. Ba cheart na MRLanna a bhaineann leis na táirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainithníonn an tÚdarás. Maidir leis na MRLanna a bhaineann le seadóga, oráistí, liomóidí, liomaí, mandairíní, cnónna coill, úlla, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, fionchaora boird agus fíniúnacha coiteanna, trátaí, ubhthorthaí, leannlusanna, muc-ainmhíthe (matán, saill, ae, duán), bó-ainmhíthe (matán, saill, ae, duán, bainne), each-ainmhíthe (matán, saill, ae, duán, bainne) tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh faisnéis áirithe ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí an cheist a scrúdú tuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a bhaineann leis na táirgí sin a leagan in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; leis an athbhreithniú sin cuirfear san áireamh an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó fhoilsiú an Rialacháin seo.
- (3) Chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach ar na MRLanna atá ann cheana i gcás clórantrainileapróil i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ⁽³⁾. Mhol sé go laghdófaí na MRLanna a bhaineann le halmóinní, cnónna Brasaíleacha, cnónna caisiú, castáin, cnónna cócó, cnónna coill, macadaimia, cnónna peacáin, eithní cnónna péine, cnónna pistéise, gallchnónna, úlla, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, grán milis, cóilis, soilire, pónaireí caife agus matán (muc-ainmhíthe, bó-ainmhíthe, caorach, gabhar agus each-ainmhíthe). I gcás táirgí eile, mhol sé na MRLanna atá ann cheana a ardú nó a choinneáil. Ba cheart na

⁽¹⁾ IO L 070, 16.3.2005, lch. 1.

⁽²⁾ An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for acequinocyl according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás aicéacuínice de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* 2020;[Iris EFSA 2020]; 18(1): 5983.

⁽³⁾ An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for chlorantraniliprole according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás clórantrainileapróil de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* 2020;[Iris EFSA 2020]; 18(9): 6235.

MRLanna a bhaineann leis na táirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainithníonn an tÚdarás. Le haghaidh cáil, mhol an tÚdarás an MRL de 20 mg/kg atá ann cheana a choinneáil. Mar sin féin, d'iarr na Ballstáit go n-ardófaí an MRL a bhaineann le cáil go dtí 40 mg/kg, arb é an uasteorainn iarmhar Codex (CXL) le haghaidh duillí raidise, toisc go n-aicmítear duillí raidise i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 faoin bhfoghrúpa "Cáil". In 2015 nuair a tugadh isteach CXL le haghaidh duillí raidise i reachtaíocht an Aontais, ní raibh duillí raidise luaite go sainráite i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, measadh gur bhain siad leis an bhfoghrúpa "Barra duilleog óga" (lena n-áirítear speicis phraisí) agus ní leis an bhfoghrúpa "Cáil". D'iarr na Ballstáit go leanfaí an t-aicmiú reatha. Maidir leis na MRLanna a bhaineann le piobair mhilse/piobair chloigíneacha, mealbhacáin, mealbhacáin uisce, duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla, piseanna talún, síolta lus na gréine agus síolta ráibe, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh faisnéis áirithe ar fáil agus gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a bhaineann leis na táirgí sin a leagan in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; leis an athbhreithniú sin cuirfear san áireamh an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó fhoilsiú an Rialacháin seo.

- (4) Chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach ar na MRLanna atá ann cheana i gcás eimimeictine i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ⁽⁴⁾. Mhol sé go n-athrófaí an sainmhíniú ar iarmhar le haghaidh eimimeictin B1a agus a shalainn a shloinntear mar eimimeictin B1a (saorbhonn). Mhol sé go n-ísleofaí na MRLanna a bhaineann le plumaí, prátaí, cúcamair, gircíní, cúirséid, mealbhacáin, mealbhacáin uisce, brocaíil, cóilís, bachlóga Bruiséile, cabáistí cinn, ceathrúna uain, leitísí, biolair agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, roicéad Rómánach/rucola, mustard dearg, barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí), cóstóg, síobhas, duilleoga soilire, peirsil, sáiste, marós, tím, basal agus bláthanna inite, duilleog labhraí, dragan, piseanna (gan faighneoga) agus bliosáin chruinne. I gcás táirgí eile, mhol an tÚdarás na MRLanna atá ann cheana a ardú nó a choinneáil. Ba cheart na MRLanna a bhaineann leis na táirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainithníonn an tÚdarás. Maidir leis na MRLanna a bhaineann le horáistí, líomóidí, mandairíní, fionchaora boird agus fíniúnacha coiteanna, puimcíní, searbháin muc, síolta cadáis, muc-ainmhithe (matán, saill, ae, duán), bó-ainmhithe (matán, saill, ae, duán), caoirigh (matán, saill, ae, duán), gabhair (matán, saill, ae, duán), each-ainmhithe (matán, saill, ae, duán), ainmhithe talún feirme eile (matán, saill, ae, duán) agus bainne (ó eallach, caoirigh, gabhair eachaí) tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh faisnéis áirithe ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí an cheist a scrúdú tuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a bhaineann leis na táirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; leis an athbhreithniú sin cuirfear san áireamh an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó fhoilsiú an Rialacháin seo. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh roinnt eolais ar fáil maidir leis an MRL a bhaineann le haibreoga. Cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarradh na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú i measc táirgí eile le haghaidh aibreog freisin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid sa tuairim uaidh ⁽⁵⁾ gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le hiomláine na sonraí a cuireadh isteach, agus go raibh an modhnú ar na MRLanna a bhaineann le haibreoga a d'iarr an t-iarratasóir inghlactha. Tugadh aghaidh ar an modhnú sin i Rialachán (AE) 2022/476 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ agus dá bhrí sin níl gá leis an bhfaisnéis bhreise le haghaidh aibreog.
- (5) Cuireadh CXLanna a bhí ann cheana san áireamh i dtuairimí réasúnaithe an Údaráis. CXLanna, atá sábháilte do thomhaltóirí san Aontas, rinneadh iad a mheas chun MRL a shocrú.
- (6) A mhéid a bhaineann le táirgí ar ina leith nach n-údaraitear úsáid an táirge cosanta plandaí san Aontas, agus nach bhfuil aon lamháltas i dtaca le hallmhairiú ná CXLanna ann ina leith, ba cheart MRLanna a shocrú ag an teorainn shonrach cinnidh nó ag MRL réamhshocraithe, mar a fhoráiltear in Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (7) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le teorannacha cinnidh áirithe a oiriúnú. A mhéid a bhaineann le roinnt substaintí, tháinig na saotharlanna sin ar an gconclúid gur ghá teorannacha cinnidh sonracha a leagan síos le haghaidh forbairt theicniúil tráchtarraí áirithe.

⁽⁴⁾ An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for emamectin according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás eimimeictine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(8):5803.

⁽⁵⁾ Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for emamectin in various crops [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh eimimeictine i mbarra éagsúla a mhodhnú]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(8):6824.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2022/476 ón gCoimisiún an 24 Márta 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhair le haghaidh aigéad aicéiteach, asocastroíbíne, beinsivindéfhluipire, ciantrainileapróil, cíoifuifeanaimíde, eimimeictine, flutolainile, sulfar aoil, maltaideistrine agus prócuineaisíde i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 98, 25.3.2022, lch. 9).

- (8) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás agus na tosca a bhaineann leis an ábhar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air á gcur san áireamh, comhlíontar ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leis na modhnuithe iomchuí atá á mbeartú ar na MRLanna.
- (9) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir le MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a gcuid tuairimí san áireamh.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (11) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba chóir go bhforálfaí leis an Rialachán seo maidir le socrú idirthréimhseach i gcás táirgí a táirgeadh sula modhnaíodh na MRLanna, táirgí a léiríonn an fhaisnéis ina leith go gcoinníonn siad leibhéal ard cosanta don tomhaltóir.
- (12) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfadh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.
- (13) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo agus beidh feidhm aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh an 22 Feabhra 2023.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 22 Feabhra 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

- (1) in Iarscríbhinn II, cuirtear isteach na colúin seo a leanas le haghaidh aicéacuínice, clórantrainileapróil agus eimimeictine:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ^(a)	Aicéacuínicil (F)	Clórantrainileapról (F)	Eimimeictin B1a agus a salainn, arna sloinneadh mar eimimeictin B1a (saorbhonn) (R) (F)
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN			
0110000	Torthaí citris	0,6(+)	0,7	
0110010	Seadóga	(+)		0,002 (*)
0110020	Oráistí	(+)		0,003(+)
0110030	Líomóidí	(+)		0,003(+)
0110040	Líomaí	(+)		0,002 (*)
0110050	Mandairíní	(+)		0,003(+)
0110990	Eile (2)			0,002 (*)
0120000	Cnónna crann	0,01 (*)	0,03	0,005 (*)
0120010	Almóinní			
0120020	Cnónna Brasaíleacha			
0120030	Cnónna caisiú			
0120040	Castáin			
0120050	Cnónna cócó			
0120060	Cnónna coill	(+)		
0120070	Macadaimia			
0120080	Cnónna peacáin			
0120090	Eithní cnónna péine			
0120100	Cnónna pistéise			
0120110	Gallchnónna			(+)
0120990	Eile (2)			
0130000	Torthaí póma	0,4(+)	0,4	0,02
0130010	Úlla	(+)		
0130020	Piorraí	(+)		
0130030	Cainchí	(+)		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	(+)		
0130050	Locuatanna	(+)		
0130990	Eile (2)			

0140000	Torthaí cloiche		1	
0140010	Aibreoga	0,01 (*)		0,05
0140020	Silíní (iad milis)	0,1		0,04
0140030	Péitseoga	0,1		0,15
0140040	Plumaí	0,03		0,015
0140990	Eile (2)	0,01 (*)		0,002 (*)
0150000	Caora agus torthaí beaga			
0151000	(a) fíonchaora	0,8	1	0,04
0151010	Fíonchaora boird	(+)		(+)
0151020	Fíniúnacha coiteanna	(+)		(+)
0152000	(b) sútha talún	0,01 (*)	1	0,05
0153000	(c) torthaí cána	0,01 (*)	1,5	0,002 (*)
0153010	Sméara dubha			
0153020	Eithreoga			
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)			
0153990	Eile (2)			
0154000	(d) torthaí beaga eile agus caora eile	0,01 (*)		0,002 (*)
0154010	Fraocháin		1,5	
0154020	Mónóga		1	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		1	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		1	
0154050	Mogóirí róis		1	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		1	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		1	
0154080	Caora troim		1	
0154990	Eile (2)		1	
0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil	0,01 (*)		
0161000	(a) craiceann inite			
0161010	Dátaí		0,01 (*)	0,002 (*)
0161020	Fígí		0,01 (*)	0,002 (*)
0161030	Ológa boird		0,01 (*)	0,005 (*)
0161040	Cumcuait		0,7	0,002 (*)
0161050	Torthaí réaltúla		0,01 (*)	0,002 (*)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		0,01 (*)	0,002 (*)
0161070	Plumaí láva		0,01 (*)	0,002 (*)

0161990	Eile (2)		0,01 (*)	0,002 (*)
0162000	(b) craiceann do-ite, é beag		0,01 (*)	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)			0,15
0162020	Lítsíonna			0,002 (*)
0162030	Páiseoga			0,002 (*)
0162040	Piorraí deilgneacha			0,002 (*)
0162050	Réalt-úlla			0,002 (*)
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha			0,002 (*)
0162990	Eile (2)			0,002 (*)
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór			
0163010	Abhacáid		0,01 (*)	0,005 (*)
0163020	Bananaí		0,01 (*)	0,002 (*)
0163030	Mangónna		0,01 (*)	0,002 (*)
0163040	Papánna		0,01 (*)	0,002 (*)
0163050	Pomagránaití		0,4	0,002 (*)
0163060	Céiriomoighe		0,01 (*)	0,002 (*)
0163070	Guábhaí		0,01 (*)	0,002 (*)
0163080	Anainn		0,01 (*)	0,002 (*)
0163090	Torthaí aráin		0,01 (*)	0,002 (*)
0163100	Duraigh		0,01 (*)	0,002 (*)
0163110	Úlla deilgneacha		0,01 (*)	0,002 (*)
0163990	Eile (2)		0,01 (*)	0,002 (*)
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE			
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair	0,01 (*)		0,002 (*)
0211000	(a) prátaí		0,03	
0212000	(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha		0,02	
0212010	Casabhaigh			
0212020	Prátaí milse			
0212030	Ionaim			
0212040	Ararút			
0212990	Eile (2)			
0213000	(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra			
0213010	Meacain bhiatais		0,06	
0213020	Meacain dhearga		0,08	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		0,06	

0213040	Meacain ragaim		0,06	
0213050	Bliosáin ghréine		0,06	
0213060	Meacain bhána		0,06	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		0,06	
0213080	Raidisí		0,5	
0213090	Salsabh		0,06	
0213100	Svaeideanna		0,06	
0213110	Tornapaí		0,06	
0213990	Eile (2)		0,06	
0220000	Glasraí bleibíní	0,01 (*)	0,01 (*)	0,002 (*)
0220010	Gairleog			
0220020	Oinniúin			
0220030	Seallóidí			
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil			
0220990	Eile (2)			
0230000	Glasraí a thugann torthaí			
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae			0,02
0231010	Trátaí	0,3(+)	0,6	
0231020	Piobair	0,01 (*)	1(+)	
0231030	Ubhthorthaí	0,3(+)	0,6	
0231040	Ocra	0,01 (*)	0,6	
0231990	Eile (2)	0,01 (*)	0,6	
0232000	(b) guird a bhfuil craiceann inite acu		0,3	0,007
0232010	Cúcamair	0,08		
0232020	Gircíní	0,04		
0232030	Cúirséid	0,08		
0232990	Eile (2)	0,01 (*)		
0233000	(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu	0,01 (*)	0,3	0,008
0233010	Mealbhacáin		(+)	
0233020	Puimcíní			(+)
0233030	Mealbhacáin uisce		(+)	
0233990	Eile (2)			
0234000	(d) arbhar milis	0,01 (*)	0,01 (*)	0,002 (*)

0239000	(e) glasraí eile a thugann torthaí	0,01 (*)	0,01 (*)	0,002 (*)
0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)	0,01 (*)		
0241000	(a) praiseach bhlátha			0,003
0241010	Brocaílí		1,5	
0241020	Cóilis		0,5	
0241990	Eile (2)		0,5	
0242000	(b) praiseach chinn			0,004
0242010	Bachlóga Bruiséile		0,01 (*)	
0242020	Cabáistí cinn		2	
0242990	Eile (2)		0,01 (*)	
0243000	(c) praiseach dhuilleach			
0243010	Cabáistí Síneacha		20	0,2
0243020	Cáil		40	0,03
0243990	Eile (2)		20	0,03
0244000	(d) cálráibí		0,01 (*)	0,002 (*)
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite			
0251000	(a) leitísí agus plandaí sailéid	0,01 (*)		
0251010	Ceathrúna uain		20	0,6
0251020	Leitísí		20	0,2
0251030	Searbháin muc		20	0,15(+)
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile		20	0,6
0251050	Biolair thalún		20	0,6
0251060	Roicéad Rómánach/rucola		20	0,6
0251070	Mustard dearg		20	0,6
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)		40	0,6
0251990	Eile (2)		20	0,6
0252000	(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla	0,01 (*)	20	0,2
0252010	Spionáistí			
0252020	Puirsléain			
0252030	Seardas/duilleoga biatais			
0252990	Eile (2)			

0253000	(c) duilleoga caor finíúna agus speicis chomhchosúla	0,01 (*)	20(+)	0,002 (*)
0254000	(d) biolair uisce	0,01 (*)	20	0,6
0255000	(e) sreabháin na Beilge	0,01 (*)	20	0,002 (*)
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite	0,02 (*)	20	
0256010	Costóg			0,2
0256020	Siobhas			0,2
0256030	Duilleoga soilire			0,2
0256040	Peirsil			0,2
0256050	Sáiste			0,6
0256060	Marós			0,2
0256070	Tím			0,2
0256080	Basal agus bláthanna inite			0,2
0256090	Duilleog labhrais			0,2
0256100	Dragan			0,2
0256990	Eile (2)			0,2
0260000	Léagúim	0,01 (*)		
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		0,8	0,03
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		0,01 (*)	0,015
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		2	0,03
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		0,01 (*)	0,002 (*)
0260050	Lintilí		0,01 (*)	0,002 (*)
0260990	Eile (2)		0,01 (*)	0,002 (*)
0270000	Glasraí gais	0,01 (*)		
0270010	Lus súgach		0,01 (*)	0,002 (*)
0270020	Cardúin		8	0,002 (*)
0270030	Soilirí		8	0,002 (*)
0270040	Finéal Fhlórans		8	0,002 (*)
0270050	Blíosáin chruinne		2	0,09
0270060	Cainneanna		0,01 (*)	0,002 (*)
0270070	Biabhóg		8	0,002 (*)
0270080	Péacáin bhambú		0,01 (*)	0,002 (*)
0270090	Croíthe pailme		0,01 (*)	0,002 (*)
0270990	Eile (2)		0,01 (*)	0,002 (*)
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin	0,01 (*)	0,01 (*)	0,002 (*)
0280010	Fungais shaothraithe			

0280020	Fungais fhiáine			
0280990	Caonaigh agus léicin			
0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0,01 (*)	0,01 (*)	0,002 (*)
0300000	PISEÁNAIGH	0,01 (*)	0,3	0,005 (*)
0300010	Pónairí			
0300020	Lintilí			
0300030	Piseanna			
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní			
0300990	Eile (2)			
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHÁÍ	0,01 (*)		0,005 (*)
0401000	Olashíolta			
0401010	Ros lín		2	
0401020	Piseanna talún		0,06(+)	
0401030	Síolta poipín		2	
0401040	Síolta seasamain		2	
0401050	Síolta lus na gréine		2(+)	
0401060	Síolta ráibe		2(+)	
0401070	Pónairí soighe		0,05	
0401080	Síolta mustaird		2	
0401090	Síolta cadáis		0,3	(+)
0401100	Síolta puimcín		2	
0401110	Síolta cróch bréige		2	
0401120	Síolta borraíste		2	
0401130	Caimilín		2	
0401140	Síolta cnáibe		2	
0401150	Pónairí ricne		2	
0401990	Eile (2)		0,01 (*)	
0402000	Olathorthaí			
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		0,01 (*)	
0402020	Eithní pailme ola		0,01 (*)	
0402030	Torthaí pailme oila		0,8	
0402040	Capac		0,01 (*)	
0402990	Eile (2)		0,01 (*)	
0500000	GRÁNAIGH	0,01 (*)		0,005 (*)
0500010	Eorna		0,02	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		0,02	

0500030	Arbhar Indiach/arbhar		0,02	
0500040	Muiléad coiteann		0,02	
0500050	Coirce		0,02	
0500060	Rís		0,4	
0500070	Seagal		0,02	
0500080	Sorgam		0,02	
0500090	Cruithneacht		0,02	
0500990	Eile (2)		0,02	
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB	0,05 (*)		
0610000	Taenna		0,05 (*)	0,01 (*)
0620000	Pónairí caife		0,01 (*)	0,01 (*)
0630000	Insiltí luibhe ó		0,05 (*)	
0631000	(a) bláthanna			0,01 (*)
0631010	Camán meall			
0631020	Roiseog			
0631030	Rós			
0631040	Seasmain			
0631050	Teile			
0631990	Eile (2)			
0632000	(b) duilleoga agus luibheanna			2
0632010	Sú talún			
0632020	Rooibos			
0632030	Maité			
0632990	Eile (2)			
0633000	(c) fréamhacha			0,01 (*)
0633010	Caorthann corraigh			
0633020	Ginsing			
0633990	Eile (2)			
0639000	(d) aon chuid eile den phlanda			0,01 (*)
0640000	Pónairí cócó		0,05 (*)	0,01 (*)
0650000	Carúib		0,05 (*)	0,01 (*)
0700000	LEANNLUSANNA	20(+)	40	0,01 (*)
0800000	SPÍOSRAÍ			
0810000	Spíosraí ó shíolta	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0810010	Ainís			
0810020	Calaindí			

0810030	Soilire			
0810040	Lus an choir			
0810050	Cuimín			
0810060	Lus mín			
0810070	Finéal			
0810080	Feinigréag			
0810090	Noitmig			
0810990	Eile (2)			
0820000	Spíosraí ó thorthaí	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó			
0820020	Piobar Szechuan			
0820030	Cearbhas			
0820040	Cardamam			
0820050	Caor aítíl			
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)			
0820070	Fanaile			
0820080	Tamarain			
0820990	Eile (2)			
0830000	Spíosraí ó choirt	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0830010	Cainéal			
0830990	Eile (2)			
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm			
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0840020	Sinséar (10)			
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)			
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0850010	Clóibh			
0850020	Caprais			
0850990	Eile (2)			
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0860010	Cróch			
0860990	Eile (2)			
0870000	Spíosraí arail	0,05 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
0870010	Maicis			
0870990	Eile (2)			

0900000	PLANDAÍ SIÚCRA	0,01 (*)		0,002 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		0,01 (*)	
0900020	Cánaí siúcra		0,5	
0900030	Fréamhacha siocaire		0,01 (*)	
0900990	Eile (2)		0,01 (*)	
1000000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN			
1010000	Tráchtearraí ó	0,01 (*)		
1011000	(a) mucra			
1011010	Matán	(+)	0,03	0,004(+)
1011020	Saill	(+)	0,2	0,02(+)
1011030	An t-ae	(+)	0,2	0,08(+)
1011040	An duán	(+)	0,2	0,08(+)
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		0,2	0,08
1011990	Eile (2)		0,01 (*)	0,01 (*)
1012000	(b) bó-ainmhí			
1012010	Matán	(+)	0,03	0,004(+)
1012020	Saill	(+)	0,2	0,02(+)
1012030	An t-ae	(+)	0,2	0,08(+)
1012040	An duán	(+)	0,2	0,08(+)
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		0,2	0,08
1012990	Eile (2)		0,01 (*)	0,01 (*)
1013000	(c) caoirigh			
1013010	Matán		0,03	0,004(+)
1013020	Saill		0,2	0,02(+)
1013030	An t-ae		0,2	0,08(+)
1013040	An duán		0,2	0,08(+)
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		0,2	0,08
1013990	Eile (2)		0,01 (*)	0,01 (*)
1014000	d) gabhar			
1014010	Matán		0,03	0,004(+)
1014020	Saill		0,2	0,02(+)
1014030	An t-ae		0,2	0,08(+)
1014040	An duán		0,2	0,08(+)
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		0,2	0,08
1014990	Eile (2)		0,01 (*)	0,01 (*)

1015000	(e) eachaí			
1015010	Matán	(+)	0,03	0,004(+)
1015020	Saill	(+)	0,2	0,02(+)
1015030	An t-ae	(+)	0,2	0,08(+)
1015040	An duán	(+)	0,2	0,08(+)
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		0,2	0,08
1015990	Eile (2)		0,01 (*)	0,01 (*)
1016000	(f) éanlaith chlóis			0,01 (*)
1016010	Matán		0,02	
1016020	Saill		0,08	
1016030	An t-ae		0,07	
1016040	An duán		0,01 (*)	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		0,08	
1016990	Eile (2)		0,01 (*)	
1017000	(g) ainmhithe talún feirme eile			
1017010	Matán		0,03	0,004(+)
1017020	Saill		0,2	0,02(+)
1017030	An t-ae		0,2	0,08(+)
1017040	An duán		0,2	0,08(+)
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		0,2	0,08
1017990	Eile (2)		0,01 (*)	0,01 (*)
1020000	Bainne	0,01 (*)	0,05	0,002 (*)
1020010	Eallach	(+)		(+)
1020020	Caoirigh			(+)
1020030	Gabhar			(+)
1020040	Capall	(+)		(+)
1020990	Eile (2)			
1030000	Uibheacha éan	0,01 (*)	0,2	0,01 (*)
1030010	An chearc			
1030020	Lacha			
1030030	Géanna			
1030040	Gearg			
1030990	Eile (2)			
1040000	Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
1050000	Débheathaigh agus Reiptílí	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)

1060000	Ainmhithe inveirteabracha talún	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
1100000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)			
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)			
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)			

(*) íostearainn an chinidh anailísigh

(^e) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Aicéacuinicil (F)

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíseacha agus faoi chobhsaíocht stórála sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0120060 Cnónna coill

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

1011010 Matán

1011020 Saill

1011030 An t-ae

1011040 An duán

1012010 Matán

1012020 Saill

1012030 An t-ae

1012040 An duán

1015010 Matán

1015020 Saill

1015030 An t-ae

1015040 An duán

1020010 Eallach

1020040 Capaill

Tá roinnt faisnéise faoi staidéir hidrealaithe lena n-insamhláíodh paistéaradh, bruith agus steiriliú sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0110000 Torthaí citris

0110010 Seadóga

0110020 Oráistí

0110030 Líomóidí

0110040 Líomáí

0110050 Mandairíní

0130000 Torthaí póma

0130010 Úlla

0130020 Piorraí

0130030 Cainchí

0130040 Torthaí ón meispeal Gearmánach

0130050 Locuatanna

0151010 Fíonchaora boird

0151020 Fíniúnacha coiteanna

0231010 Trátaí

0231030 Ubhthorthaí

Tá roinnt faisnéise faoi chobhsaíocht stórála agus faoi staidéir hidrealaithe lena n-insamhláíodh paistéaradh, bruith agus steiriliú sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0700000 LEANNLUSANNA**Clórantrainileapról (F)**

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0231020 Piobair mhilse/piobair chloigíneacha**0233010 Mealbhacáin****0233030 Mealbhacáin uisce****0401020 Piseanna talún****0401050 Síolta lus na gréine****0401060 Síolta ráibe**

Tá roinnt faisnéise faoi na dálaí stórála a úsáideadh sna trialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0253000 (c) duilleoga caor finíúna agus speicis chomhchosúla**Eimimeictin B1a agus a salainn, arna sloinneadh mar eimimeictin B1a (saorbhonn) (R) (F)**

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás na gcomhcheangal de lotnaidicíd-códuimhir seo a leanas: Eimimeictin B1a agus a salainn, arna sloinneadh mar eimimeictin B1a (saorbhonn) - cód 1000000: Eimimeictin B1a

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíseacha sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0110020 Oráistí**0110030 Líomóidí****0110050 Mandairíní****0151010 Fíonchaora boird****0151020 Fíniúnacha coiteanna****1011010 Matán****1011020 Saill****1011030 An t-ae****1011040 An duán****1012010 Matán****1012020 Saill****1012030 An t-ae****1012040 An duán****1013010 Matán****1013020 Saill****1013030 An t-ae****1013040 An duán****1014010 Matán****1014020 Saill****1014030 An t-ae****1014040 An duán****1015010 Matán****1015020 Saill****1015030 An t-ae****1015040 An duán****1017010 Matán****1017020 Saill****1017030 An t-ae****1017040 An duán****1020010 Eallach****1020020 Caoirigh****1020030 Gabhair****1020040 Capaill**

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0233020 Puimcíní

0251030 Searbháin muc

0401090 Síolta cadáis

Shainaithin an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia roinnt faisnéise faoi chobhsaíocht stórála mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 2 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0120110 Gallchnónna”

- (2) I gCuid A d'Iarscríbhinn III, scriostar na colúin le haghaidh aicéacuinicile, clórantrainileapróil agus eimimeictine.
-